



1 Feabhra 2022

**A Phríomhoide, a chara,**

**Tá clár tástála antaigine na scoileanna á leathadh anois chuig scoileanna speisialta agus ranganna speisialta nuair a thagann cás dearfach chun cinn i bhfaighneog nó i rang. Tá sé seo ag tarlú mar fhreagairt ar iarratais ó scoileanna speisialta.**

**Ba chóir do gach bunscoil a thabhairt faoi deara nach bhfuil gá le PCR deimhnithe do leanaí (mura mbíonn a mhalairt de chomhairle á sholáthar ag Sláinte Poiblí).**

**Leanaí agus COVID-19 (Bunscoileanna agus Ranganna Speisialta agus Scoileanna Speisialta)**

Déantar tástálacha antaigine a ofráil do dhaltaí (nó aon duine idir 4 agus 39 bliain d'aois) a bhfuil airíonna COVID-19 orthu. Glactar le toradh dearfach (braite) ar thástáil antaigine mar thoradh deimhnithe.

Nuair a chuirtear in iúl do Phríomhoide go bhfuil toradh tástála antaigine COVID-19 dearfach (braite) ag leanbh a bhí ar scoil le linn na tréimhse tógálach, iarrtar ar phríomhoidí scoile téacs/ríomhphost a chur chuig na tuismitheoirí eile sa bhfaighneog chun iad a chur ar an eolas faoin gcaoi inar féidir leo tástálacha antaigine saor in aisce a rochtain dá leanaí san fhaighneog aitheanta

Má tá níos mó ná cás dearfach COVID-19 amháin i rang, is féidir tástálacha antaigine a shocrú don rang go léir. Is í an uimhir Saorghlao Antaigine ná: 1800 110055 nó is féidir le tuismitheoirí tástálacha antaiginí a ordú ar líne trí [www.hse.ie/schooltest](http://www.hse.ie/schooltest)

Is féidir le gach leanbh sa bhfaighneog/rang leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil má leanann siad aisiomptómach agus nach bhfaigheann siad toradh dearfach ó thástáil antaigine COVID-19.

Tabhair faoi deara – Má aithnítear dalta (faoi bhun 13 bliana) mar DHLÚTH-THEAGMHÁLAÍ le cás sa TEAGHLACH beidh air srian a chur ar a ghluaiseacht de réir na dtreoirí náisiúnta maidir le dlúth-theagmháil teaghlaigh. Ba chóir do dhlúth-theagmhálaithe aisiomptómacha teaghlaigh idir 0-12 bliana d'aois a ngluaiseachtaí a shrianadh ar feadh 7 lá iomlán. Ba cheart go dtosódh na ngluaiseachtaí srianta ó dháta na teagmhála is déanaí le cás dearfach (más eol) nó murar eol, ón dáta a fógraíodh é/í mar theagmhálaí. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag an nasc seo a leanas:



<https://www2.hse.ie/conditions/covid19/contact-tracing/if-your-child-is-a-close-contact/>

### **Measúnú Riosca Sláinte Poiblí (MRSP) i suíomh oideachais speisialta**

Má tharlaíonn go mbíonn cás dearfach i suíomh oideachais speisialta, déanfaidh Sláinte Poiblí measúnú riosca don tsláinte poiblí.

Is é cuspóir an mheasúnaithe riosca poiblí seo ná na chéad chéimeanna cuí eile a aithint ar mhaithe le leas na leanaí uile sna suíomhanna seo. Déantar é seo mar go n-aithnítear gur mó an dóchúlacht go bhfuil leanaí le leochaileachtaí leighis agus leanaí a bhféadfadh deacrachtaí níos mó a bheith acu maidir le bearta um chosc agus rialú ionfhabhtaithe laistigh de na suíomhanna seo.

### **FSS beo – Líne Covid-19 do Phríomhoide scoile**

Maidir le fiosrúcháin ar leith a bhaineann le cásanna deimhnithe Covid-19 laistigh de scoil, nuair nach bhfuil an chomhairle soiléir ó láithreán gréasáin an FSS, lean ar aghaidh ag baint úsáide as 'FSS beo - Líne Covid-19 do Phríomhoide Scoile' ar (01) 240 8785. Beidh an uimhir ghutháin ag feidhmiú 7 lá na seachtaine, ó 8am go 4.30pm Luan go hAoine agus ó 10am go 4.30pm Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Glacfaidh an t-oibreoir le sonraí bunúsacha agus soláthrófar iad seo go díreach don rannán Sláinte Poiblí ábhartha. Ní gá faisnéis ar chásanna aonair a sholáthar don líne chabhrach seo, déanfaidh an Roinn Sláinte Poiblí an fhaisnéis seo a éileamh más gá. Beidh foireann chliniciúil ainmnithe ag gach Roinn Sláinte Poiblí chun freagairt d'fhiosrúcháin a chuirtear ar aghaidh ó líne na bpríomhoidí go dtí na rannáin.

Deirdre Shanley  
Rúnaí Cúnta